AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA | AN CHOMHAIRLE

An Bhruiséil, 30 Márta 2020
(OR. en)

2020/0042 (COD)
LEX 1992

PE-CONS 4/1/20
REV 1

AVIATION 39
CODEC 203

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE LENA LEASAÍTEAR RIALACHÁN (CEE) UIMH. 95/93 MAIDIR LE COMHRIALACHA DO LEITHROINNT SLIOTÁN IN AERFOIRT AN CHOMHPHOBAIL

**RIALACHÁN (AE) 2020**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 30 Márta 2020**

**lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle maidir le comhrialacha do leithroinnt sliotán in aerfoirt an Chomhphobail**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

---

[1] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 26 Márta 2020 [IO …)/(nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil)] agus Cinneadh ón gComhairle an 30 Márta 2020.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Mar thoradh ar ráig COVID-19, tá laghdú géar ar an aerthrácht i ngeall ar an titim shuntasach ar an éileamh agus ar bhearta díreacha atá déanta ag na Ballstáit chomh maith le tríú tíortha chun an ráig a choinneáil faoi smacht. Thosaigh an tionchar mór dá bharr ar aeriompróirí chomh luath le hEanáir 2020 i ndáil le Daon-Phoblacht na Síne agus Sainréigiún Riaracháin Hong Cong de chuid Dhaon-Phoblacht na Síne, tá sé forleathan ó bhí an 1 Márta 2020 ann, agus is dócha go ndéanfaidh sé difear do dhá thréimhse sceidealaithe, ar a laghad, is iad sin geimhreadh 2019/2020 agus samhradh 2020.

(2) Níl neart ag aeriompróirí ar na cúinsí sin agus is freagairt riachtanach nó dhlisteanach ar na cúinsí sin ag aeriompróirí aersheirbhísí a chur ar ceal go deonach nó go héigeantach dá bharr. Go háirithe, le cealuithe deonacha, cosnaítear sláinte airgeadais aeriompróirí agus seachnaítear tionchar diúltach comhshaoil eitiltí folmha nó beagnach folamh nach n-oibrítear ach chun na críche na sliotáin foluiteacha aerfoirt a choinneáil.

(3) Le figiúirí atá foilsithe ag Eurocontrol, arb é an bainisteoir líonra d’fheidhmeanna bainistíochta aerthráchta an aerspáis Eorpaigh aonair, léirítear titim bliain ar bhliain de thart ar 10 % san aerthrácht sa réigiún Eorpach sa chéad leath de Mhárta 2020. Tá titim mhór á tuairisciú ag aeriompróirí sna háirithintí atá le teacht agus tá líon suntasach eitiltí á chur ar ceal sna tréimhsí sceidealaithe “geimhreadh 2019-2020” agus “samhradh 2020” mar thoradh ar an ráig.

(4) Faoi Airteagal 8(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle[1], á léamh i gcomhar le hAirteagal 10(2) de, i gcás ina mainníonn aeriompróir 80 % ar a laghad de shraith de shliotáin arna leithroinnt air ag aerfort comhordaithe a oibriú, cuirtear an tosaíocht stairiúil le haghaidh na sliotán sin i mbaol.

(5) Le hAirteagal 10(4) de Rialacháin (CEE) Uimh. 95/93, ceadaítear do chomhordaitheoirí sliotán neamhaird a dhéanamh, chun na críche an tosaíocht stairiúil a ríomh, ar neamhoibriú sliotán aerfoirt le haghaidh tréimhsí nach bhfuil an t-aeriompróir in ann na haersheirbhísí pleanáilte a oibriú i ngeall ar dhúnadh aerfort, mar shampla. Ní thugtar aghaidh leis an Airteagal sin, áfach, ar chásanna cosúil le ráig COVID-19. Is iomchuí dá bhrí sin Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 a leasú dá réir sin.

(6) I bhfianaise na n-áirithintí atá le teacht atá ar eolas agus réamhaisnéisí eipidéimeolaíochta, is féidir a bheith ag súil leis go réasúnta ag an gcéim seo go dtarlóidh líon suntasach cealuithe arb í ráig COVID-19 an chúis a bheidh leo sa tréimhse idir an 1 Márta 2020 agus ar a laghad an 24 Deireadh Fómhair 2020. Níor cheart gurbh é a bheadh mar thoradh ar neamhúsáid na sliotán a leithroinneadh don tréimhse sin go gcaillfeadh aeriompróirí an tosaíocht stairiúil a mbainfidís leas as murach sin. Tá sé riachtanach dá bhrí sin na dálaí a shainiú faoinar cheart sliotáin nár oibríodh a mheas mar shliotáin a oibríodh chun na gcríoch sin, i ndáil leis an séasúr comhfhreagrach ina dhiaidh sin.

---

[1] Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle an 18 Eanáir 1993 maidir le comhrialacha do leithroinnt sliotán in aerfoirt an Chomhphobail (IO L 14, 22.1.1993, lch. 1).

(7) Is acmhainn luachmhar eacnamaíoch iad sliotáin ag aerfoirt chomhordaithe. D'ainneoin na titime ginearálta san aerthrácht, níor cheart cur ar ceal aersheirbhísí, áfach, cosc a chur ar úsáid sliotán aerfoirt ag aeriompróirí eile a bhféadfaidh siad a bheith ag iarraidh iad a úsáid ar bhonn sealadach gan cearta marthanachta a bheith á bhfáil ag sliotáin den sórt sin. Dá bhrí sin, nuair nach bhfuil siad in úsáid ag an aeriompróir ar leithroinneadh air iad, ba cheart na sliotáin a thabhairt ar ais don chomhordaitheoir gan mhoill.

(8) Is deacair a thuar cé na forbairtí breise a thiocfaidh ar COVID-19 agus cén tionchar breise a bheidh aige ar aeriompróirí. Ba cheart don Choimisiún anailís leanúnach a dhéanamh ar thionchar COVID-19 ar an earnáil aeriompair agus ba cheart é a bheith de chumas ag an Aontas síneadh a chur, gan moill mhíchuí, leis an tréimhse ina mbeidh na bearta atá beartaithe faoin Rialachán seo i bhfeidhm dá leanfadh na drochdhálaí ar aghaidh.

(9) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon sliotáin nár úsáideadh mar gheall ar ráig COVID-19 a mheas mar shliotáin a oibríodh, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(10) Chun síneadh a chur leis na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo, más gá agus má tá bonn cirt leis an méid sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le síneadh a chur leis an tréimhse ina mbeidh feidhm ag na bearta atá beartaithe faoin Rialachán seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[1]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(11) I bhfianaise na práinne a bhí i gceist leis na cúinsí eisceachtúla arb í ráig COVID-19 ba chúis leo, measadh gurbh iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

(12) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

[1] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10a:

“*Airteagal 10a*

1. Chun críocha Airteagail 8(2) agus 10(2), measfaidh comhordaitheoirí go bhfuil sliotáin a leithroinneadh don tréimhse ón 1 Márta 2020 go dtí an 24 Deireadh Fómhair 2020 oibrithe ag an aeriompróir ar leithroinneadh air ar dtús iad.

2. Chun críocha Airteagail 8(2) agus 10(2), measfaidh comhordaitheoirí go bhfuil sliotáin a leithroinneadh don tréimhse ón 23 Eanáir 2020 go dtí an 29 Feabhra 2020 oibrithe ag an aeriompróir ar leithroinneadh air ar dtús iad, a mhéid a bhaineann le haersheirbhísí idir aerfoirt san Aontas agus aerfoirt atá i nDaon-Phoblacht na Síne nó i Sainréigiún Riaracháin Hong Cong de chuid Dhaon-Phoblacht na Síne.

3. I ndáil le sliotáin a bhfuil dáta acu níos déanaí ná an ..., ní bheidh feidhm ag mír 1 ach amháin i gcás inar cuireadh na sliotáin ábhartha nár úsáideadh ar fáil don chomhordaitheoir lena n-ath-leithroinnt ar aeriompróirí eile.

4. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, ar bhonn figiúirí arna bhfoilsiú ag Eurocontrol, arb é atá ann an bainisteoir líonra d'fheidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta an aerspáis Eorpaigh aonair, go bhfuil an laghdú ar leibhéal an aerthráchta i gcomparáid leis an leibhéal sa tréimhse chomhfhreagrach den bhliain roimhe sin ag leanúint ar aghaidh agus gur dócha go leanfaidh sé ar aghaidh, agus go gcinneann sé freisin, ar bhonn na sonraí eolaíochta is fearr atá ar fáil, gurb é an tionchar atá ag ráig COVID-19 an toradh atá ar an staid seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 12a chun an tréimhse a shonraítear i mír 1 a leasú dá réir.

5. Déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach ar an gcás trí úsáid a bhaint as na critéir a leagtar amach i mír 4. Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil dó, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil achomair faoin ábhar seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 15 Meán Fómhair 2020. Más gá, glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá bhforáiltear i mír 4 a luaithe is féidir.

6. Más rud é, i gcás go mbeidh tionchar fada ag ráig COVID-19 ar an earnáil aeriompair san Aontas, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 12b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.

---

* IO: cuir isteach, le do thoil, an dáta: seachtain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo.".

(2) Cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

"*Airteagal 12a*

*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10a a thabhairt don Choimisiún go dtí an ...[*].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 10a a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 10a i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 12b*
*An nós imeachta práinne*

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomh tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 12a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

---

* IO cuir isteach, le do thoil, an dáta: aon bhliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |